Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 4 Meitheamh 2021**
**(OR. en)**

**9413/21**

**ENER 262**
**CLIMA 135**
**ENV 391**
**IND 161**
**COMPET 454**
**RECH 290**
**TRANS 361**
**ECOFIN 560**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1) |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 8923/21 |
| Ábhar: | Conclúidí maidir le rabharta athchóiriúcháin lena ndeiseofar an geilleagar anois agus lena gcruthófar foirgnimh ghlasa do na blianta atá le teacht – Formheas |

1. An 14 Deireadh Fómhair 2020, thíolaic an Coimisiún a thionscnamh straitéiseach dar teideal *A Renovation Wave for Europe – greening out buildings, creating jobs and improving lives* [Rabharta athchóiriúcháin – foirgnimh a ghlasú, poist a chruthú agus saol daoine a fheabhsú]. Is é is aidhm don straitéis dlús a chur le hiarrachtaí athchóiriúcháin ar fud na hEorpa, ionas gur féidir earnáil na bhfoirgneamh an méid is gá a dhéanamh chun sprioc aeráidneodrachta 2050 a bhaint amach agus aistriú glas atá cothrom agus cóir a sholáthar. Aithnítear sa straitéis freisin an ról lárnach atá ag athchóiriú foirgneamh sa phróiseas téarnaimh eacnamaíoch ó phaindéim COVID-19.

2. Phléigh an Mheitheal um Fhuinneamh an straitéis go mion i mí Dheireadh Fómhair 2020 agus i mí Eanáir 2021. Bunaithe ar an toradh a bhí ar an bplé sin, thíolaic an Uachtaránacht dréachtchonclúidí, a pléadh go mion ag roinnt cruinnithe de chuid na meithle ó mhí Feabhra go dtí an 18 Bealtaine 2021.

3. Leis na dréachtchonclúidí, léirítear na tuairimí ón gComhairle maidir leis na gnéithe is tábhachtaí den rabharta athchóiriúcháin: cistiú agus infheistíocht, an gá atá le cur chuige comhtháite agus cuimsitheach i leith athchóirithe, an bhéim ar théarnamh eacnamaíoch agus fás glas, ról chreat rialála agus cumasúcháin an Aontais, agus gné shóisialta na n-athchóirithe. Ina theannta sin, tugtar treoir mhionsonraithe don Choimisiún maidir leis na gníomhaíochtaí tosaíochta ba cheart dó a dhéanamh chun na tionscnaimh 'rabharta athchóiriúcháin' a chur chun feidhme. Ar leibhéal na meithle, thángthas ar chomhréiteach cothrom maidir leis na saincheisteanna uile a leagtar amach sna dréachtchonclúidí ón gComhairle.

4. D'fhormhuinigh Coiste na mBuanionadaithe na dréachtchonclúidí ón gComhairle atá i gceangal leis seo ag an gcruinniú a bhí aige an 2 Meitheamh 2021 agus iarrtar ar an gComhairle, dá bhrí sin, iad a fhormheas ag an gcruinniú a bheidh aici an 11 Meitheamh 2021.

**IARSCRÍBHINN**

DRÉACHT-CHONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE
maidir le rabharta athchóiriúcháin lena ndeiseofar an geilleagar anois agus lena gcruthófar foirgnimh ghlasa do na blianta atá le teacht

Á MHEABHRÚ DI

gur fhormhuinigh an Chomhairle Eorpach sna conclúidí uaithi an 12 Nollaig 2019 (EUCO 29/19) an cuspóir Aontas aeráidneodrach a bheith ann faoi 2050, i gcomhréir le cuspóirí Chomhaontú Pháras;

gur fhormhuinigh an Chomhairle Eorpach san conclúidí uaithi an 11 Nollaig 2020 sprioc nuashonraithe de chuid an Aontais a bhí níos uaillmhianaí chun laghdú glan intíre 55 % ar a laghad a bhaint amach faoi 2030 maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa i gcomparáid le leibhéil 1990;

gur cuireadh chun suntais sa Teachtaireacht ón gCoimisiún COM(2019) 640 maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip go gcaithfear ar a laghad an ráta athchóiriúcháin atá ann faoi láthair a dhúbailt chun cuspóirí éifeachtúlachta fuinnimh agus cuspóirí aeráide an Aontais a bhaint amach;

gur cuireadh chun suntais sa Teachtaireacht ón gCoimisiún COM(2020) 98 maidir le Plean Gníomhaíochta nua don Gheilleagar Ciorclach le haghaidh Eoraip atá níos glaine agus níos iomaíche go bhfuil an fhoirgníocht agus foirgnimh ar cheann de na príomhshlabhraí luacha táirgí lena gcuirtear dúshláin roimh an inbhuanaitheacht agus dár gá gníomhaíocht phráinneach chuimsitheach chomhordaithe a dhéanamh ina leith;

gur aithin an Chomhairle Iompair, Teileachumarsáide agus Fuinnimh sna conclúidí uaithi an 25 Meitheamh 2020 maidir leis an bhfreagairt ar phaindéim COVID-19 in earnáil fuinnimh an Aontais go bhféadfadh an rabharta athchóiriúcháin cur go mór leis an téarnamh eacnamaíoch agus go bhféadfadh athchóiriú na bhfoirgneamh cur le héifeachtúlacht fuinnimh agus imlonnú foinsí áitiúla inathnuaite;

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH:

1. IS DÍOL SÁSAIMH DI Teachtaireacht ón gCoimisiún an 14 Deireadh Fómhair 2020 maidir le rabharta athchóiriúcháin don Eoraip, agus AITHNÍONN SÍ an ról ríthábhachtach a fhéadfaidh a bheith ag athchóiriú foirgneamh sa téarnamh eacnamaíoch ó ghéarchéim COVID-19 agus i ndícharbónú stoc foirgneamh na hEorpa agus IS DÍOL SÁSAIMH DI freisin treochlár an Chomhaontaithe Ghlais le haghaidh aistriú cóir agus cuimsitheach i dtreo na haeráidneodrachta faoi 2050.

2. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an Moladh ón gCoimisiún maidir le bochtaineacht fuinnimh, agus AITHNÍONN SÍ an ról tábhachtach a fhéadfaidh a bheith ag athchóiriú foirgneamh chun caiteachas fuinnimh na dteaghlach atá fuinneamhbhocht a laghdú agus chun cáilíocht saoil na nEorpach uile a fheabhsú.

3. AITHNÍONN SÍ gurb é úsáid agus oibriú foirgneamh is cúis le thart ar 40 % de thomhaltas iomlán fuinnimh an Aontais agus le 36 % de na hastaíochtaí gás ceaptha teasa gaolmhara, agus go bhfuil gá le hiarracht shuntasach san earnáil sin chun go mbainfidh an tAontas amach a sprioc astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú 55 %, ar a laghad, faoi 2030, i gcomparáid le leibhéil 1990, agus cuspóir na haeráidneodrachta faoi 2050.

4. ADMHAÍONN SÍ gur gá ar a laghad na rátaí athchóiriúcháin a bhaineann le fuinneamh a dhúbailt faoi 2030 agus athchóirithe fuinnimh doimhne a chur chun cinn, lena bhfeabhsófar feidhmíocht fuinnimh na bhfoirgneamh agus lena gcruthófar coigilteas fuinnimh agus costais, lena spreagfar fuinneamh inathnuaite a chur in ionad diantomhaltas carbóin agus lena rannchuideofar leis an stoc foirgneamh a fheabhsú agus a nuachóiriú, agus imthosca náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla á gcur san áireamh freisin; agus AITHNÍONN SÍ gur ceart cur chuige ciorclach saolré maidir le húsáid agus athúsáid ábhar, ionchorprú ábhar tánaisteach agus cleachtais agus teicneolaíochtaí inbhuanaithe tógála, lena n-áirítear ábhair ó fhoinsí inbhuanaithe agus a tháirgtear agus a fhaightear go hinbhuanaithe, a bheith ag gabháil leis an méadú ollmhór ar athchóirithe, idir athchóirithe doimhne agus athchóirithe páirteacha i gcás inarb iomchuí, chun an laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a uasmhéadú in earnáil na bhfoirgneamh ina hiomláine.

5. AONTAÍONN SÍ leis an dearcadh iomlánaíoch a léiríodh sa Teachtaireacht maidir le rabharta athchóiriúcháin, ina gcuirtear san áireamh an aeráidneodracht, an téarnamh eacnamaíoch, an cuimsiú sóisialta agus an inrochtaineacht, an éifeachtúlacht acmhainní agus an chiorclaíocht agus, lena chois sin, an tsláinte, na caighdeáin chomhshaoil, an maolú ar an athrú aeráide, an oiriúnú don athrú aeráide agus an digiteáil; AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé na gnéithe sin a chomhtháthú ar leibhéal na comharsanachta, an phobail, an cheantair, na cathrach agus an réigiúin; agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur cheart an dearcadh iomlánaíoch sin a leathnú agus a nascadh go dlúth le beartais phoiblí eile atá ábhartha d'athchóirithe amhail an bonneagar agus an phleanáil uirbeach, an t-iompar, bainistiú an uisce agus na dramhaíola, an tsábháilteacht ó dhóiteán, an chosaint ar ghníomhaíochtaí seismeacha agus tubaistí nádúrtha eile, an taighde, rannpháirtíocht na saoránach, an tacaíocht shóisialta, an t-oideachas, an fhostaíocht agus an oiliúint ghairmiúil, chun a áirithiú go dtugann na beartais sin tacaíocht dá chéile agus go gcuireann siad a chéile chun cinn an bealach iomlán ar feadh an tslabhra luacha athchóiriúcháin;

6. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT go háirithe, i measc phrionsabail an athchóirithe foirgnimh, céadphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh, mar phríomhghné de straitéis chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú ionas go bhféadfaí timpeallacht thógtha aeráidneodrach a bhaint amach, ar cheart é a chur chun feidhme mar threoirphrionsabal cothrománach i ngach earnáil, i gcomhréir leis an Rialachán maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide.

*Maidir le cistiú agus infheistiú*

7. Chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin infheistíochta ar leith atá roimh earnáil na bhfoirgneamh agus chun úinéirí foirgnimh a dhreasú chun athchóiriú a dhéanamh, CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT nach mór sineirgí a chruthú agus a fhorbairt chun infheistíochtaí agus scéimeanna cistiúcháin poiblí agus príobháideacha a chomhcheangal ar an leibhéal Eorpach, náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, agus nach mór sineirgí le nósanna imeachta riaracháin a shainaithint. CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá sé cistiú le haghaidh cúnamh teicniúil agus cúnamh forbartha tionscadail a sholáthar chun na bacainní ar athchóiriú foirgnimh a shárú.

8. AITHNÍONN SÍ an deis ríthábhachtach a chuireann an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ar fáil chun infheistíochtaí a shlógadh agus tús áite a thabhairt d'athchóirithe foirgnimh agus cúnamh teicniúil sna Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta faoi réimse an tionscnaimh shuaitheanta dar teideal Renovate agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE an ról leanúnach atá ag ionstraimí beartais um chomhtháthú, taighde agus nuálaíocht, ag na gníomhaireachtaí agus institiúidí cistiúcháin, agus go háirithe an Banc Eorpach Infheistíochta, chun tacú le hathchóirithe agus dícharbónú san fhadtéarma.

9. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS nach mór leanúint den obair chun na roghanna maoiniúcháin atá ar fáil d'athchóirithe foirgnimh a leathnú agus a chomhcheangal, amhail fóirdheontais ghlasa, dreasachtaí cánach agus iasachtaí glasa, bannaí glasa, scéimeanna oibleagáidí um choigilteas fuinnimh, maoiniú inbhille, cuideachtaí seirbhísí fuinnimh agus conarthaí feidhmíochta fuinnimh, agus conarthaí feidhmíochta a bhaineann le hacmhainní eile (mar shampla, uisce, ábhair), lena dtugtar rochtain do shaoránaigh agus gnólachtaí ar dheiseanna cistiúcháin éagsúla agus solúbtha (idir phoiblí agus phríobháideach) agus lena ndéantar rioscaí réadacha agus rioscaí a mheastar a bheith ann, agus a bhaineann le hathchóirithe, a íoslaghdú.

10. CUIREANN SÍ I dTREIS gur gá gníomhaíocht a ailíniú, cúnamh teicniúil a sholáthar agus nósanna imeachta a chuíchóiriú agus a shimpliú ar bhealach níos fearr ar an leibhéal Eorpach, náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil chun na cistí is gá a shlógadh go gasta, aghaidh a thabhairt ar bhacainní a d'fhéadfadh a bheith ann agus tionscadail athchóiriúcháin a chur chun feidhme ar an láthair.

11. SAINAITHNÍONN SÍ gur gá gur ann do chumarsáid spriocdhírithe agus faisnéis shaincheaptha do thairbhithe féideartha, i dteannta maoiniú éifeachtach tarraingteach, chun an bac cinnteoireachta tosaigh a shárú, agus CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT, sa chomhthéacs sin, a thábhachtaí atá na cuir chuige ar leibhéal na comharsanachta, an cheantair agus na cathrach agus cruthú na n-ionad ilfhreastail a fhónann mar fhoinse comhairle neamhspleáiche agus rochtana ar mhaoiniú le linn na dtionscadal athchóiriúcháin.

*Maidir le cur chuige comhtháite cuimsitheach i leith athchóirithe*

12. TACAÍONN SÍ le hathchóirithe ardcháilíochta a dhíríonn ar fheidhmíocht fuinnimh, lena gcothaítear éifeachtúlacht fuinnimh agus réitigh inathnuaite ar bhealach costéifeachtach, agus lena dtugtar isteach smaointeoireacht agus ciorclaíocht saolré, lena n-ionchorpraítear cáilíocht ard chomhshaoil, ailtireachta agus innealtóireachta, lena dtugtar tacaíocht d'úsáid ábhar a tháirgtear go háitiúil agus atá inbhuanaithe, lena gcuirtear san áireamh an spás agus an bonneagar atá riachtanach le haghaidh soghluaisteacht inbhuanaithe, oidhreacht chultúrtha a chosaint, aeráid-díonadh, caighdeáin sláinte agus sábháilteachta, lena n-áirítear tosca amhail cáilíocht aeir laistigh, cosaint ar thorann, compord teirmeach, roghanna aerchóiriúcháin, an nasc idir uisce agus fuinnimh, éifeachtúlacht úsáide uisce, sábháilteacht ó dhóiteáin agus cosaint ar ghníomhaíochtaí seismeacha agus tubaistí nádúrtha eile.

13. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT go háirithe an gá atá le ciorclaíocht agus caighdeánú níos fearr i ngnéithe tionsclaíocha agus gnéithe suiteáilte ar an láthair le haghaidh próisis athchóiriúcháin, dearadh foirgneamh agus cleachtais láithreáin a úsáidtear le haghaidh athchóirithe, rud a laghdódh costais an athchóirithe agus an t-am a chaitear ina bhun, chomh maith leis an dua a chaitear leis, agus a thairgfeadh deiseanna chun poist nua inbhuanaithe a chruthú.

14. ÁITÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé aghaidh a thabhairt ar an maolú ar an athrú aeráide, agus ar an oiriúnú dó, i bhfoirgnimh agus i mbonneagar poiblí agus príobháideach. Is den ríthábhacht é na hiarrachtaí a neartú maidir le haeráid-díonadh, foirgnimh bhuanseasmhacha, chomh maith le cosc agus ullmhacht, toisc go leanfaidh an t-athrú aeráide de dhúshláin shuntasacha a chruthú don Eoraip in ainneoin na n-iarrachtaí maolúcháin, agus chun cuspóirí 2050 maidir le hathléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide agus astaíochtaí glan-nialasacha a bhaint amach.

15. ATHDHEARBHAÍONN SÍ céadphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh agus an tábhacht a bhaineann leis an éileamh ar fhuinneamh a laghdú, a bhuí sin le hinsliú foirgnimh agus córais téimh agus fuaraithe fuinneamhéifeachtúla, cuir i gcás, i dteannta le bearta agus uirlisí eile. Maidir le foinsí inathnuaite fuinnimh agus le téamh agus fuarú éifeachtúil i bhfoirgnimh, CUIREANN SÍ I dTREIS gur cheart laghdú costéifeachtach ar an éileamh ar fhuinneamh a bheith ina thúsphointe do gach athchóiriú agus teicneolaíochtaí téimh agus fuaraithe atá dian ar charbón nó atá neamhéifeachtúil ó thaobh fuinnimh de a athsholáthar faoi 2030 i gcomhréir le pleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide agus straitéisí athchóiriúcháin fadtéarmacha, le comhtháthú réiteach fuinneamhéifeachtúil agus le húsáid fuinnimh inathnuaite, dramhtheasa nó dramhfhuachta.

16. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR an acmhainneacht a bhaineann le hathchóiriú foirgneamh chun fuinneamh inathnuaite, dramhtheas agus dramhfhuacht, agus téamh agus fuarú ceantair a tháirgtear go háitiúil a imlonnú, agus AITHNÍONN SÍ, chomh maith leis an rannchuidiú ríthábhachtach a fhéadfaidh éifeachtúlacht fuinnimh agus foinsí inathnuaite fuinnimh a dhéanamh chun téamh agus fuarú a dhícharbónú, an acmhainneacht chun gnéithe ábhartha eile, amhail acmhainní inathnuaite, athúsáid uisce liath, bonneagar glas agus bithéagsúlacht, buaint báistí agus aisghabháil ábhar, a chomhtháthú. ADMHAÍONN SÍ, go háirithe, a thábhachtaí atá sé gréasáin éifeachtúla téimh agus fuaraithe ceantair a fhorbairt chun úsáid fuinnimh inathnuaite i gcathracha a mhéadú.

17. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT gur féidir le treochláir athchóiriúcháin dheonacha d'fhoirgnimh a bheith ina n-uirlis éifeachtach chun feasacht a mhúscailt i measc úinéirí foirgneamh maidir leis na hinfheistíochtaí is gá sna blianta amach romhainn chun feidhmíocht fuinnimh agus astaíochtaí gás ceaptha teasa a ailíniú le spriocanna fuinnimh agus aeráide.

18. MEABHRAÍTEAR DI gur cheart, go háirithe, cur chuige comhordaithe i leith an athchóirithe ar leibhéal na comharsanachta, an cheantair agus na cathrach a neartú, rud a imríonn tionchar níos suntasaí ar athchóirithe ar phraghas a d'fhéadfadh a bheith níos lú agus lenar féidir aistriú ó bhreoslaí iontaise a éascú agus níos mó slándála infheistíochtaí agus éifeachtúlachtaí córais a chruthú ar scála níos mó.

19. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS a thábhachtaí atá sé an Bauhaus Eorpach Nua a fhorbairt chun réitigh ailtireachta agus ábhair atá nuálach, cuimsitheach, inacmhainne, fuinneamhéifeachtúil agus inbhuanaithe a chur chun cinn lena n-úsáidtear ábhair áitiúla, nádúrtha, inbhuanaithe, inathnuaite, in-athúsáidte agus in-athchúrsáilte nuair is féidir agus a chuidíonn, ar an gcaoi sin, le hastaíochtaí agus éileamh ar fhuinneamh a laghdú agus le haistriú cóir a bhaint amach.

*Maidir le téarnamh eacnamaíoch agus fás glas*

20. CUIREANN SÍ I dTREIS an gá atá le gníomhaíocht mhear chlaochlaitheach i roinnt earnálacha den gheilleagar chun teacht a bheith ar mhaoiniú uathúil agus deiseanna uathúla infheistíochta agus chun an acmhainneacht fáis a chuirfear ar fáil leis an rabharta athchóiriúcháin a scaoileadh; agus CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR nach féidir an t-uas-scálú ar athchóirithe a bhfuil gá leis a dhéanamh ach amháin trí mhargadh gníomhach agus slógtha ag a bhfuil an lucht saothair, an saineolas agus próifílí nua poist réamh-mheasta breise, agus tacaíocht á tabhairt d'athsciliú agus d'uas-sciliú oibrithe atá dírithe ar theicneolaíochtaí nua glasa agus digiteacha.

21. MEASANN SÍ go bhfuil sé ríthábhachtach, chun tionchar leathan agus dearfach a áirithiú ar an ngeilleagar, spreagadh a thabhairt d'earnálacha tionsclaíocha a bhfuil baint acu leis an gclaochlú a bhuí lena ról i bhforbairt teicneolaíochtaí don todhchaí agus i rochtain ar an trealamh agus ar na hábhair is gá a chur ar fáil; agus CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT an ról tábhachtach atá ag an taighde agus ag an nuálaíocht i dtráchtálú réiteach inacmhainne atá éasca le suiteáil agus réamhdhéanta agus réiteach caighdeánaithe eile lena bhféadfaí oll-athchóirithe a dhéanamh ar bhealach níos tapa gan an t-ualach céanna a bheith ag baint leo.

*Maidir le creat rialála an Aontais Eorpaigh*

22. AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá uirlisí pleanála beartais fadtéarmaí, go háirithe pleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide, pleananna um éifeachtúlacht acmhainní agus um an ngeilleagar ciorclach, straitéisí athchóiriúcháin fadtéarmacha, agus, go háirithe, a thábhachtaí atá pleananna téarnaimh agus athléimneachta chun dlús a chur i dtosach báire le hathchóirithe atá fuinneamhéifeachtúil agus tíosach ar acmhainní, lena n-áirítear táirgeadh ar an láthair fuinnimh inathnuaite agus réitigh téimh agus fuaraithe inathnuaite, amhail teaschaidéil, agus téamh agus fuarú ceantair, chomh maith le réitigh luachmhara úsáideacha eile ar an láthair.

23. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT an gá atá le solúbthacht i gcur chun feidhme spriocanna náisiúnta don éifeachtúlacht fuinnimh agus le dóthain solúbthachta a bheith ag na Ballstáit agus, ag an am céanna, a áirithiú go mbainfear amach na cuspóirí beartais go tráthúil, a sonraíochtaí náisiúnta a chur san áireamh agus sainiú a dhéanamh ar na bealaí beartais is costéifeachtúla agus is éifeachtaí chun a stoc foirgneamh a athchóiriú agus a dhícharbónú, lena n-áirítear treoirthionscadail bheartais nó boscaí gainimh a éascú ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil.

24. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT go bhfuil an t-athbhreithniú ar na rialacha maidir le státchabhair ríthábhachtach chun éifeacht na scéimeanna poiblí cistiúcháin a fhairsingiú agus an acmhainneacht atá acu chun tionscadail athchóiriúcháin a bhaint amach a mhéadú.

25. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS nach mór feabhas a chur ar cháilíocht agus infhaighteacht sonraí maidir le foirgnimh agus maidir lena n-úsáid fuinnimh, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

– measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le síneadh a chur le cumhdach agus raon feidhme na dteastas feidhmíochta fuinnimh – laistigh de na creataí rialála atá ann cheana – chun a dtionchar ar chinntí úinéirí a mhéadú trí chumhachtú tomhaltóirí chun athchóiriú a dhéanamh trí dhigiteáil agus inchomparáideacht a mhéadú;

– uirlisí deonacha a chur chun feidhme amhail táscaire ullmhachta cliste faoin Treoir maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh;

– tairbhe a bhaint as Faireachlann an Aontais um Stoc Foirgneamh agus na sonraí maidir leis an stoc foirgneamh atá ar fáil ó na Ballstáit, ó gheallsealbhóirí agus ó ghníomhaithe margaidh;

– úsáid fhorleathan chreat an Aontais Eorpaigh le haghaidh foirgnimh inbhuanaithe (Level(s)) agus pasanna athchóiriúcháin foirgneamh a chur chun cinn; agus

– teastais feidhmíochta a chur chun cinn, bunaithe ar an dlí náisiúnta agus/nó dlí an Aontais, d'fhoirgnimh a bhfuil sé d'aidhm acu éifeachtúlacht fuinnimh agus acmhainne agus feidhmíocht chomhshaoil a fheabhsú.

26. AITHNÍONN SÍ go bhféadfaidh caighdeán maidir le hathchóiriú domhain a leagan síos nó caighdeáin íosta feidhmíochta fuinnimh a nascadh le hathchóiriú a chomhlíonann prionsabail na héifeachtúlachta costais, an iomaíochais, agus na neodrachta ó thaobh na teicneolaíochta a bheith ina mbealach éifeachtúil chun athchóiriú níos fairsinge a áirithiú, go háirithe má bhíonn tacaíocht airgeadais, chomhairleach agus scéimeanna oiliúna agus cáilíochta le haghaidh gairmithe tógála agus fuinnimh, ina mbeidh eolas comhtháite earnálach, ag gabháil leo. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR an gá atá leis na caighdeáin sin a thabhairt isteach agus a chur in oiriúint do choinníollacha sonracha agus do thosaíochtaí na mBallstát aonair, chun tógáil, athchóiriú agus maireachtáil inacmhainne a áirithiú, ag féachaint do ghnéithe teicniúla amhail dálaí aeráide, infhaighteacht acmhainní, stoc foirgneamh, téamh agus fuarú, agus struchtúr úinéireachta, chomh maith le gnéithe sóisialta amhail tacaíocht phoiblí, rannpháirtíocht phoiblí, oideachas agus fostaíocht.

27. CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá bearta éicidhearthóireachta, comhshaoil agus lipéadaithe fuinnimh chun réitigh téimh agus fuaraithe atá fuinneamhéifeachtúil agus tíosach ar acmhainní a chur chun cinn agus chun éascú a dhéanamh ar fhearais a oibríonn ar bhreosla iontaise a chéimniú amach ar an mbealach is costéifeachtúla.

28. CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá sé na riachtanais, an tsolúbthacht i gcás na mBallstát, agus na prionsabail thuasluaite a chur san áireamh sna hathbhreithnithe atá le déanamh amach anseo ar an Rialachán maidir le Táirgí Foirgníochta, ar an Treoir maidir le hÉicidhearthóireacht, ar an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh, ar an Treoir maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh agus ar an Treoir maidir le Fuinneamh Inathnuaite agus tionscnaimh maidir le comhtháthú na gcóras fuinnimh.

*Maidir leis an gcreat cumasúcháin le haghaidh athchóirithe*

29. AITHNÍONN SÍ gur gá bearta náisiúnta a chomhordú chun dlús a chur le hathchóiriú agus le forbairt teicneolaíochtaí, agus chun comhar agus comhroinnt dea-chleachtas idir na Ballstáit a chur chun cinn.

30. AITHNÍONN SÍ nach mór cur chuige ciorclach a chur chun cinn ar fud na bpríomh-éiceachóras tionsclaíoch sin ar dócha gurb iad a ghníomhóidh mar ghníomhaithe tábhachtacha don athrú sa rabharta athchóiriúcháin, mar thoradh ar a stádas mar sholáthróirí féideartha na n-ábhar agus na dteicneolaíochtaí tógála is nuálaí, agus IARRANN SÍ go bhforbrófaí caighdeán oscailte uile-Aontais don fhaisnéis a bhaineann le hinneachar na n-ábhar sin ar fad, agus pasanna táirgí digiteacha a fhorbairt lena bhféadfar sreafaí ábhair a rianú, agus úsáid a bhaint ar an gcaoi sin as ábhair níos buaine ina bhfuil cion is airde d'ábhar athchúrsáilte ar fusa iad a bhaint as a chéile ach a dtaga deireadh a ré, agus slabhraí gearra éifeachtacha soláthair a úsáid, agus céadphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh á thabhairt san áireamh.

31. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR na tairbhí iomadúla a bhaineann leis an digiteáil agus le comhtháthú an chórais fuinnimh, go háirithe maidir le diagnóisic foirgneamh, bailiú uathoibríoch sonraí, úsáid foinsí inathnuaite agus córais chomhtháite éifeachtúlachta fuinnimh, córas freagartha ar éileamh agus córas solúbthachta, agus le húsáid a bhaint as éifeachtúlacht acmhainní eile, soghluaisteacht, aeráid-díonadh, feidhmíocht chomhshaoil agus réitigh inrochtaineachta.

*Maidir le gnéithe sóisialta na n-athchóirithe*

32. FORMHUINÍONN SÍ mar chuspóir go dtabharfaí tosaíocht d'athchóiriú foirgneamh an-sofheicthe (amhail scoileanna, ospidéil, ollscoileanna, agus bonneagar sóisialta eile) agus a thábhachtaí atá sé tacú le teaghlaigh agus, ar an gcaoi sin, réimse leathan daoine a rochtain agus an t-ualach airgeadais atá fós ar thomhaltóirí leochaileacha a mhaolú. Ag an am céanna, CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR nach mór, agus measúnú á dhéanamh ar an ngá atá leis na foirgnimh is measa feidhmíocht a athchóiriú, tosca amhail suíomh agus luach na maoine, athruithe sa daonra agus ioncam na n-áitritheoirí a chur san áireamh freisin.

33. AITHNÍONN SÍ nach mór ardchaighdeáin athchóiriúcháin a leagan síos d'fhoirgnimh phoiblí, lena n-áirítear maidir leis an gcomhshaol, éifeachtúlacht fuinnimh agus coigiltis, comhtháthú foinsí inathnuaite fuinnimh, sláinte, soghluaisteacht inbhuanaithe agus athúsáid ábhar, ionchorprú tánaisteach ábhair, agus éifeachtúlacht úsáide uisce, nuair is féidir, agus CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS go háirithe an ról a fhéadfaidh a bheith ag athchóiriú eiseamláireach poiblí nó athchóiriú foirgneamh íocónach maidir le rannpháirt a thabhairt do shaoránaigh, státseirbhísigh agus lucht úsáide na bhfoirgneamh, ionas cur chuige rannpháirteach a chur chun cinn maidir leis an rabharta athchóiriúcháin.

34. TUGANN SÍ DÁ hAIRE nach beag de rannchuidiú don rath a bheidh ar an rabharta athchóiriúcháin laistigh de na córais reatha soláthair phoiblí Eorpacha agus náisiúnta an éifeachtúlacht fuinnimh, ach í a bheith dea-ullmhaithe agus so-churtha i bhfeidhm, agus na treoirlínte glasa um sholáthar poiblí.

35. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go dteastaíonn creat cuimsitheach tacaíochta do theaghlaigh fhuinneamhbhochta, i.e. teaghlaigh atá ag cur fúthu i bhfoirgnimh ina bhfuil struchtúir chasta úinéireachta ó thaobh athchóiriú a chur sa siúl, creat ina n-áireofaí bearta fóirdheonaithe athchóiriúcháin, iasachtaí agus ráthaíochtaí measctha, cánachas, rialacha maidir le ligean ar cíos, agus ionaid ilfhreastail chun an t-ualach riaracháin a laghdú.

36. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT an ról a fhéadfaidh a bheith ag an athchóiriú chun an fhuinneamhbhochtaineacht a mhaolú san fhadtéarma ionas an inacmhainneacht fuinnimh a áirithiú do gach teaghlach lena n-áirítear na háititheoirí foirgnimh is boichte, trí *inter alia* aghaidh a thabhairt ar na foirgnimh is measa feidhmíocht. IS DÍOL SÁSAIMH DI go bhfuil na samhlacha rannpháirtíochta sóisialta á gcur chun cinn ar mhaithe le cónaitheoirí a chumhachtú i dtaca le ceantair a athchóiriú, mar chuid de chomhpháirtíochtaí trasearnála a nascann iad le gníomhaithe áitiúla, lena n-áirítear gníomhaithe ón ngeilleagar sóisialta. IARRANN SÍ go dtabharfaí tacaíocht shonrach athchóiriúcháin do na foirgnimh is measa feidhmíocht agus Á AITHINT DI, ag an am céanna, go gcuimsítear faoi inniúlacht na mBallstát sainmhíniú na fuinneamhbhochtaineachta agus na mbeart lena rachfar i ngleic léi, agus leagan síos tosaíochtaí athchóiriúcháin.

37. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR nach mór a chur ar fáil don lucht saothair pé deiseanna athscilithe agus uas-scilithe a chuirfidh ar a gcumas a ndálaí a choigeartú agus iad a atreorú chuig na hionaid oibre sin is mó a bhfuil gá leo iontu, i gcomhréir leis an gClár Oibre Eorpach do Scileanna nua; Agus CUIREANN SÍ I dTREIS go háirithe an tábhacht a bhaineann le scéimeanna oiliúna agus cáilíochta do ghairmithe tógála agus fuinnimh, ina nasctar eolas comhtháite de chuid na hearnála.

38. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS nach mór feabhas a chur ar chur chun feidhme na gceanglas sábháilteachta agus sláinte ar láithreáin tógála, lena n-áirítear áiseanna leasa shóisialaigh agus an lóistín a chuirtear ar fáil d'oibrithe.

39. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

– tacú leis an gcomhar i measc na mBallstát, agus é a éascú, chun dea-chleachtais a chomhroinnt agus rochtain ar chúnamh teicniúil a éascú a thuilleadh, go háirithe maidir le hathchóiriú foirgneamh, soláthar glas, agus scéimeanna tacaíochta náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla, go háirithe samhlacha gnó ionaid ilfhreastail agus dearadh;

– tacú leis an gcomhar i measc na mBallstát maidir le bealaí chun aghaidh a thabhairt ar mhíchothromaíocht shóisialta agus an fhuinneamhbhochtaineacht a mhaolú laistigh de na creataí reatha, amhail an Mol Comhairleach maidir leis an bhFuinneamhbhochtaineacht;

– a chuid oibre a thabhairt chun críche a luaithe is féidir i dtaca leis an moladh maidir le céadphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh a chur chun feidhme, agus a mheas treoir a dhréachtú maidir lena chur i bhfeidhm, le béim ar an athchóiriú foirgneamh;

- comhairle a thabhairt do na Ballstáit agus tacú leo maidir le bearta uaillmhianacha athchóiriúcháin a phleanáil agus a chur chun feidhme i gcomhthéacs a bpleananna téarnaimh agus athléimneachta, ar bearta iad atá le comhlánú le treoir maidir leis an gcreat státchabhrach is infheidhme, maidir leis an ról atá ag cuideachtaí seirbhísí fuinnimh agus gnóthais phríobháideacha eile, agus maidir le conas is féidir a áirithiú go bhféadfar infheistíochtaí príobháideacha trí bhíthin conarthaí um fheidhmíocht fuinnimh agus ionstraimí airgeadais eile a mhéadú sa mheántéarma agus san fhadtéarma.
- straitéis rannpháirtíochta agus cumarsáide a fhorbairt agus a chur chun feidhme i gcomhar le hinstitiúidí eile agus dlúthchomhar a dhéanamh le Coiste na Réigiún ní hamháin chun feasacht a mhúscailt ach chun úinéirí tí agus úinéirí foirgnimh a spreagadh agus a mhealladh agus, ar an gcaoi sin, dlús a chur le glacadh na n-údarás poiblí agus na ngeallsealbhóirí eile, amhail pobail áitiúla fuinnimh, leis an rabharta athchóiriúcháin; laistigh den straitéis sin, dea-chleachtais a chomhroinnt le chéile maidir le beartais agus cláir atá dírithe ar thomhaltóirí chun an glacadh a bheidh ag teaghlaigh ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach, agus áitiúil le hiarfheistiú foirgneamh a éascú a thuilleadh;
- dlús a chur leis an obair leanúnach ar fhearais téimh agus fuaraithe trí lipéid fuinnimh a athscálú a luaithe is féidir, a mheas úsáid na lipéad fuinnimh a leathadh chuig gach téitheoir leictreach agus ullmhú chun deireadh a chur de réir a chéile leis na fearais is lú éifeachtúlacht téimh agus fuaraithe leictreachais agus gáis, agus fearais eile a oibríonn ar bhreoslaí iontaise;
- faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn a rinneadh i gcur chun feidhme an rabharta athchóiriúcháin trí bhíthin an mhéid seo:
    - o anailís a dhéanamh ar na táscairí dul chun cinn arna mbunú ar bhonn intíre a leagtar amach i straitéisí athchóiriúcháin fadtéarmacha na mBallstát lena dtomhaisfí éabhlóid na gníomhaíochta athchóiriúcháin ar an leibhéal Eorpach agus feidhmíocht fuinnimh stoc foirgneamh na hEorpa, lena n-áirítear athchóirithe doimhne i gcás inarb infheidhme; ní mór breithniú a dhéanamh, a mhéid is féidir, ar an ngá atá le hualach maorlathach, mar aon le hualach breise riaracháin, a sheachaint;

- bealaí a fhorbairt chun measúnú a dhéanamh ar thionchair eacnamaíocha na bhfeabhsuithe a bhaintear amach trí bhíthin athchóirithe foirgneamh agus a dtionchar ar mhargadh an eastáit réadaigh a rianú; agus
- tuarascáil chuimsitheach ar gach gné den rabharta athchóiriúcháin a dhéanamh as an tuarascáil fhoriomlán ar dhul chun cinn maidir le hathchóiriú an stoic náisiúnta foirgneamh atá beartaithe ina thuarascáil dhébhliantúil ag an gCoimisiún ar Staid an Aontais Fuinnimh;

- tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an obair atá ar bun aige maidir le digiteáil níos fearr a dhéanamh ar earnáil na bhfoirgneamh agus na tógála, lena n-áirítear trí thacú le cur chun feidhme an táscaire ullmhachta clisteachta dheonaigh;
- spreagadh a thabhairt i dtaca le huas-sciliú agus athsciliú lucht saothair na hearnála ailtireachta, innealtóireachta agus tógála chun cleachtais agus réitigh fheabhsaithe a chur chun cinn lena n-áiritheofaí stoc foirgneamh níos éifeachtúla agus níos dícharbónaithe; dreasachtaí a bhunú don soláthar poiblí glas ar an leibhéal Eorpach;
- nádúr agus feidhmíocht na bhfoirmeacha traidisiúnta agus dúchasacha tógála gona n-ábhair a aithint agus a thuiscint, agus acmhainneacht a fhothú sna hinniúlachtaí is gá chun tabhairt faoi obair athchóiriúcháin fuinnimh iomchuí d'fhoirgnimh den chineál sin;
- cur chuige ciorclach a chur chun cinn maidir le húsáid comhpháirteanna, ábhar, teicneolaíochtaí agus cleachtas inbhuanaithe tógála, trí aghaidh a thabhairt ar fheidhmíocht inbhuanaitheachta táirgí foirgníochta agus trí athbhreithniú a dhéanamh ar na spriocanna aisghabhála ábhar a ghabhann le dramhaíl tógála agus scartála, agus trí phasanna táirgí digiteacha a fhorbairt – a mhéid is féidir – lena bhféadfar súil a choinneáil ar ábhair le linn a saolré;
- scrúdú a dhéanamh ar na roghanna go léir maidir le deireadh a chur de réir a chéile ar an mbealach is costéifeachtúla is féidir le breoslaí iontaise i dtéamh agus i bhfuarú atá i gcomhréir le cuspóir aeráidneodrachta an Aontais a bhaint amach faoi 2050, agus oibriú i gcomhar leis na Ballstáit ina n-iarrachtaí chun a gcuspóirí dícharbónaithe a bhaint amach agus na réitigh is fearr is féidir a shainaithint ar an leibhéal náisiúnta; agus
- anailís bhreise a dhéanamh ar cé mar is féidir leis an straitéis maidir le rabharta athchóiriúcháin rannchuidiú le sprioc mhéadaithe an Aontais glanlaghdú intíre 55 % ar a laghad ar astaíochtaí gás ceaptha teasa i gcomparáid le 1990 a bhaint amach faoi 2030.